

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2325 ÓN gCOIMISIÚN**an 16 Nollaig 2021**

lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an liosta de thríú tíortha agus an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a rinneadh a aithint faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 48(3) agus Airteagal 57(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 45(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) 2018/848, féadfar táirge a allmhairiú chun an táirge sin a chur ar an margadh laistigh den Aontas mar tháirge orgánach nó mar tháirge atá á thiontú, má chomhlíonann an táirge sin rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe tríú tír aitheanta agus go n-allmhairítear é le deimhniú cigireachta lena ndearbhaítear an comhlíonadh sin agus a d'eisigh údaráis inniúla, údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe an tríú tír sin. Soiléirítear le hAirteagal 48(1) den Rialachán sin, sa chomhthéacs sin, gur tríú tír aitheanta tríú tír a aithníodh chun críche coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rachaidh an t-aitheantas sin in éag ar an 31 Nollaig 2026. Leanfar d'aithint na dtríú tíortha sin go dtí an dáta sin, chun aistriú rianúil a áirithiú chuig an scéim faoina dtugtar aitheantas faoi chomhaontú trádála de bhun Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848, ar choinníoll go n-áiríteoidh siad i gcónaí go bhfuil a gcuid rialacha maidir le táirgeadh orgánach agus rialú, go bhfuil siad coibhéiseach leis na rialacha ábhartha de chuid Aontais atá i bhfeidhm agus go gcomhlíonann siad na ceanglais go léir a bhaineann leis an gCoimisiún a bheith ag déanamh maoirseachta ar an aithint sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún ⁽³⁾.
- (3) An liosta de thríú tíortha aitheanta a bhunaítear leis an Rialachán seo, bunaítear é ar an liosta a foilsíodh in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, seachas an tSile, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, toisc go gcumhdaítear an trádáil i dtáirgí orgánacha leis na tíortha sin ag comhaontuithe sonracha. Mar sin féin, i bhfianaise faisnéis nua a fuair an Coimisiún ó thríú tíortha áirithe ón uair dheireanach a rinneadh leasú ar an liosta sin, ba cheart athruithe áirithe a chur san áireamh agus ba cheart an liosta a oiriúnú dá réir.
- (4) De réir na faisnéise a chuir an Airgintín ar fáil, athraíodh ainm an chomhlachta rialaithe 'Argencent' go 'Ecocert Argentina SA'.
- (5) Chuir Cósta Ríce an Coimisiún ar an eolas gur bhain a údarás inniúil na comhlachtaí rialaithe 'Control Union Perú' agus 'Primus Labs.com CR S.A.' den liosta de na comhlachtaí rialaithe atá aitheanta ag Cósta Ríce.

⁽¹⁾ IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe chun críche maoirsiú ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin (IO L 292, 16.8.2021, lch. 20).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairiú táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 334 12.12.2008, lch. 25).

- (6) Maidir leis an India, allmhairíodh líon mór coinsíneachtaí ón tríú tír sin, coinsíneachtaí ina raibh na mílte tona síolta seasamain, a maíodh a bhí orgánach, a bhí éillithe le hocaíodh eililéine ('ETO'), go háirithe ó oibreoirí faoi rialú comhlachtaí rialaithe a ndéanann an India maoirseacht orthu, agus a raibh timpeall ar 90 fógra i gCóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí mar thoradh air. Dealraíonn sé gur braitheadh ETO – atá carcanaigineach do dhaoine – i dtáirgí orgánacha roimh 2020. Forbraíodh modhanna iontaofa éagsúla chun ETO a anailísiú le tríocha bliain anuas agus dá bhrí sin tá siad ar fáil chun éilliú den sórt sin a bhrath. Maidir leis na fógraí sin i gCóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí, is iondúil go sáraíonn na leibhéil éillithe sna coinsíneachtaí an uasteorainn iarmhar atá leagtha síos maidir le ETO, agus athraíonn na leibhéil bheachta éillithe ag brath ar an gcoinsíneacht. Dá thoradh sin, cuireadh tomhaltóirí ar míthreoir agus cruthaíodh riosca suntasach sláinte. Mar gheall ar an éilliú ETO agus na tiúchain arda de a aimsíodh, chomh maith leis an easpa freagartha maidir leis na bunchúiseanna a bhí le cliseadh na gcóras rialaithe ó na comhlachtaí rialaithe a bhain leis na héillithe sin, atá faoi mhaoirseacht údarás inniúil na hIndia, agus mar gheall ar na bearta ceartaítheacha míchuí a ghlac na comhlachtaí rialaithe sin agus an t-údarás inniúil, cuirtear stóinseacht na rialuithe agus na maoirseachta féin i gcontúirt. Ina theannta sin, ar bhonn faisnéise a fuair an Coimisiún, dealraíonn sé, i gcás roinnt de na comhlachtaí rialaithe a bhain leis na fógraí sin i gCóras Faisnéise na Talmhaíochta Orgánaí, nár urramaigh siad raon feidhme aitheantais na hIndia a mhéid a bhaineann leis na táirgí is féidir a allmhairiú isteach san Aontas. Ar na cúiseanna sin ar fad agus i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342, níor cheart na comhlachtaí rialaithe seo a leanas a bheith ar an liosta de chomhlachtaí rialaithe a aithníonn údarás inniúil na hIndia: 'CU Inspections India Pvt Ltd', 'Ecocert India Pvt Ltd', 'Indian Organic Certification Agency (Indocert)', 'Lacón Quality Certifications Pvt Ltd' agus 'OneCert International Private Limited'.
- (7) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2196 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, sannadh an chóduimhir JP-BIO-038 don chomhlacht rialaithe 'Japan Agricultural Standard Certification Alliance' go hearráideach, arae sannadh an chóduimhir sin cheana don chomhlacht rialaithe 'Akatonbo' le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/25 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾. Dá bhrí sin, ba cheart cód difriúil a shannadh do 'Japan Agricultural Standard Certification Alliance'.
- (8) Chuir Poblacht na Cóiré an Coimisiún ar an eolas gur chuir a húdarás inniúil an chomhlacht rialaithe 'ORGANIC PROMOTION' leis an liosta de chomhlachtaí rialaithe atá aitheanta ag an údarás inniúil sin.
- (9) Chuir an Nua-Shéalainn an Coimisiún ar an eolas gur athraigh a húdarás inniúil an t-ainm atá air.
- (10) Maidir le scéim na n-údarás rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe atá aitheanta ag an gCoimisiún faoi Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí a allmhairiú, agus chun ráthaíochtaí coibhéiseacha a chur ar fáil ag an am céanna, tá deireadh de réir a chéile á chur léi le Rialachán (AE) 2018/848. Ós rud é gur cheart a ndóthain ama a thabhairt do na húdaráis rialaithe agus do na comhlachtaí rialaithe sin ionas go bhféadfaidh siad iad féin a ullmhú chun aitheantas a fháil chun táirgí a chomhlíonann rialacha an Aontais a allmhairiú, is ar an 31 Nollaig 2024 a rachaidh a n-aitheantas in éag, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais go léir a bhaineann leis an gCoimisiún a bheith ag déanamh maoirseachta ar an aitheantas sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún.
- (11) An liosta d'údarás rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta a bhunaítear leis an Rialachán seo, bunaítear é ar an liosta a foilsíodh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008. Mar sin féin, i bhfianaise faisnéis nua agus iarrataí nua ar chuimsiú a fuair an Coimisiún ón uair dheireanach a rinneadh leasú ar an liosta sin, ba cheart athruithe áirithe a dhéanamh ar an liosta sin. I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008, níor cuireadh san áireamh ach iarrataí iomlána a cuireadh isteach faoin 30 Meitheamh 2021 faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/2196 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 434, 23.12.2020, lch. 31).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/25 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 8, 14.1.2020, lch. 18).

- (12) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'A CERT European Organization for Certification S.A.' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. I gcás gach tríú tír a liostaítear faoi láthair i bpointe 3 dá iontráil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008, tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun catagóirí táirgí B, C agus E a chuimsiú.
- (13) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'AfriCert Limited' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Cósta Eabhair, an Éigipt, an Aetóip agus an Afraic Theas a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais, i gcás na Burúine, Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, Ghána, na Céinia, Ruanda, na Tansáine agus Uganda, chun catagóirí táirgí D a chuimsiú.
- (14) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Albinspekt' a ainm a athrú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Chinn an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, go bhfuil údar maith le hainm an chomhlachta rialaithe sin a athrú go 'Albinspekt bio.inspecta'. Thairis sin, cuireadh an Coimisiún ar an eolas go bhfuil athrú ar chuid de na sonraí i seoladh an chomhlachta rialaithe sin.
- (15) Chuir 'Australian Certified Organic' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh.
- (16) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'BaŞak Ekolojik Ürünler Kontrol ve Sertifikasyon Hizmetleri Tic. Ltd' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Aontas na nÉimíochtaí Arabacha a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D.
- (17) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle (⁷), bunaítear aitheantas frithpháirteach do choibhéis na reachtaíochta reatha um tháirgí orgánacha agus na gcóras rialaithe reatha atá ag an dá pháirtí atá sa chomhaontú sin. Mar thoradh air sin, an t-aitheantas atá ag na comhlachtaí rialaithe 'Biodynamic Association Certification', 'Organic Farmers & Growers C. I. C', 'Organic Farmers & Growers (Scotland) Ltd', 'Organic Food Federation', 'Quality Welsh Food Certification Ltd' agus 'Soil Association Certification Limited' chun táirgí orgánacha a allmhairiú ón Ríocht Aontaithe a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2196, ba cheart é a tharraingt siar.
- (18) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Bio.inspecta AG' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Éigipt a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B, D, E agus F agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Téalainn a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B, D agus E, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Bheinín chun catagóirí táirgí D a chuimsiú agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Tuirc chun catagóirí táirgí B a chuimsiú.
- (19) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Bureau Veritas Certification France SAS' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, lena aitheantas do chatagóirí táirgí A a tharraingt siar i gcás Mhadagascar, agus lena aitheantas a tharraingt siar i gcás Oileán Mhuiris, Mhonacó, Mharacó agus Nicearagua.
- (20) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'CCPB srl' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Libia a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Vítneam chun catagóirí táirgí A, B, C agus E a chuimsiú.
- (21) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'CERES Certification of Environmental Standards GmbH' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Angóla, Guine Bissau, an Iordáin, Óman, Oileán na Tríonóide agus Tobága a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Afganastáin agus Srí Lanca a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na hIaráine chun catagóirí táirgí B a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Colóime agus Pheiriú chun catagóirí táirgí C a chuimsiú, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Tuirc chun catagóirí táirgí C agus F a chuimsiú.

(⁷) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

- (22) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Certificadora Biotropico S.A' a stádas dlíthiúil a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Chinn an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, go bhfuil údar maith le hainm an chomhlachta rialaithe sin a athrú go 'Certificadora Biotropico SAS'.
- (23) Chuir 'Certisys' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh.
- (24) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Control Union Certifications' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Samó, an Araib Shádach, Oileáin Sholaimh agus Vanuatú a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, D agus F, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Airgintín a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí C agus D, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Banglaidéise chun catagóirí táirgí A a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Chúba agus Namibia chun catagóirí táirgí B a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Chatar chun catagóirí táirgí B agus E a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Salvadóire, Ghuatamala, na Céinia agus Nicearagua chun catagóirí táirgí C a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Chósta Ríce chun catagóirí táirgí D a chuimsiú, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Boisia agus na Heirseagaivéine agus na Sile chun catagóirí táirgí E a chuimsiú.
- (25) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'CTR Uluslararası Belgelendirme ve Denetim Ltd. Şti.' é a chur ar an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe atá aitheanta chun críche coibhéise faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, agus rinne sé scrúdú ar an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, leis an gcomhlacht rialaithe sin a aithint i gcás na Tuirce maidir le catagóirí táirgí A agus D.
- (26) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Ecocert SA' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Bairéin a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus B, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Bhútáin agus an Ghabúin a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Oileáin Mhaidíve a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí D, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Catar a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Saint-Barthélemy a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B, D agus E. Tá údar maith freisin le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na hAirméine, Chamarún, Leosóta, Oileán Mhuiris, Mhósaimbíc, na Namaibe, na Críche Palaistíní faoi Fhorghabháil, Ruanda, Uganda agus na Saibbia chun catagóirí táirgí F a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Banglaidéise, na hIndia, na hAraibe Sádaí, Srí Lanca agus Tóga chun catagóirí táirgí B a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Botsuáine, Eswatini, na hAetóipe, na Maláive agus na Tansáine chun catagóirí táirgí E agus F a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na hÉigipte agus Chuáit chun catagóirí táirgí E a chuimsiú, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na hIordáine, Oman agus na Pacastáine chun catagóirí táirgí B agus E a chuimsiú agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Nigéire chun catagóirí táirgí B, E agus F a chuimsiú. Ina theannta sin, ar bhonn na soiléirithe a fuarthas ó 'Ecocert SA', is gá a aitheantas a tharraingt siar i gcás chatagóirí táirgí C i leith na Banglaidéise.
- (27) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Ecoglobe' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Éigipt agus Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D.
- (28) Chuir 'Ecogruppo Italia' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh.
- (29) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'EGYCERT Ltd' é a chur ar an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe atá aitheanta chun críche coibhéise faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, leis an gcomhlacht rialaithe sin a aithint i gcás na Síne, na hÉigipte, Ghána, Chuáit, na Pacastáine, na hAraibe Sádaí, na Súdáine, na Tuirce agus Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha maidir le catagóirí táirgí A agus D.
- (30) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'EKO-CONTROL SK s.r.o.' é a chur ar an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe atá aitheanta dóibh chun críche coibhéise faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, leis an gcomhlacht rialaithe sin a aithint i gcás na Moldóive, na Seirbia agus na Rúise maidir le catagóirí táirgí A.
- (31) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Food Safety SA' é a chur ar an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe atá aitheanta dóibh chun críche coibhéise faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, leis an gcomhlacht rialaithe sin a aithint i gcás Pharagua agus Uragua maidir le catagóirí táirgí A, B agus D, agus leis an gcomhlacht rialaithe sin a aithint i gcás na hAirgintíne maidir le catagóirí táirgí D.
- (32) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'IBD Certificações Ltda.' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Síne chun catagóirí táirgí B a chuimsiú.

- (33) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun lámáice agus Oileán na Tríonóide agus Tobága a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, D agus F, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Chósta Ríce chun catagóir táirgí B a chuimsiú agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Nicearagua, Phanama, Pheiriú agus Veiniséala chun catagóir táirgí C a chuimsiú.
- (34) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'LACON GmbH' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, lena aitheantas a tharraingt siar i gcás na Brasaíle, Chúba, na Poblachta Doiminicí agus Mheicsiceo, ach tá údar maith le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Iaráin a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D.
- (35) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Mayacert' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Eacuadór, an Iaráin agus an Tuirc a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an India a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí D.
- (36) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'NASAA Certified Organic Pty Ltd' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Chinn an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, go bhfuil údar maith le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Bhanglaidéis, an Bhútáin, Brúiné, an Chambóid, Fidsí, Polainéis na Fraince, Hong Cong, Cireabaití, Laos, Oileáin Marshall, an Mhicrinéis, Maenmar/Burma, Nárú, an Nua-Chaladóin, Oileán Palau, na hOileáin Philipíneacha, an Téalainn, Tuvalu, Vanuatú, Vítneam, agus Vailís agus Futúna a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an India a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí B agus D.
- (37) Chuir 'Oregon Tilth' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh.
- (38) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Organic Control System' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás Mhontainéagró agus na Macadóine Thuaidh chun catagóirí táirgí B a chuimsiú, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus na Seirbia chun catagóirí táirgí B agus E a chuimsiú.
- (39) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Organic Standard' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Seoirsia agus na Moldóive chun catagóirí táirgí C, E agus F a chuimsiú, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais i gcás na Casacstáine chun catagóirí táirgí C agus F a chuimsiú.
- (40) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Organización Internacional Agropecuaria' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an tSín a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D.
- (41) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'Organska Kontrola' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Asarbaiseáin a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, B agus D.
- (42) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'ORSER' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Mholdóiv, an Rúis, an tSeirbia, an Úcráin agus an Úisbéiceastáin a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, D agus E.
- (43) Chuir 'SIA "Sertifikācijas un testēšanas centrs"' an Coimisiún ar an eolas faoin athrú ar a sheoladh.
- (44) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'SRS Certification GmbH' a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun Buircíne Fasó, an Chongó, an Chósta Eabhair, Gána, an tSeineagáil, Singeapór, agus Tóga a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A, D agus E, agus le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Airméin, an Chambóid, Camarún, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Ghuine Mheánchiorclach, an Ghabúin, an Indinéis, an Chéinia, Laos, an Mhalaeisia, Maenmar/Burma, an Nígir, an Phacastáin, na hOileáin Philipíneacha, Ruanda, Srí Lanca, an Téalainn agus Vítneam a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D.
- (45) Fuair an Coimisiún iarraidh ó 'The First Agricultural Co., for Registration, Inspection and Certification Limited Liability (TAWTHIQ)' é a chur ar an liosta d'údarais rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe atá aitheanta chun críche coibhéise faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, leis an gcomhlacht rialaithe sin a aithint i gcás na hÉigipte, na hAraibe Sádaí agus na hÚisbéiceastáine maidir le catagóirí táirgí A agus D.

- (46) Fuair an Coimisiún iarraidh ó ‘TÜV Nord Integra’ a shonraíochtaí a leasú agus scrúdaigh sé an iarraidh sin. Tá údar maith, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, le síneadh a chur le raon feidhme a aitheantais chun an Ghaimbia a chuimsiú i gcás catagóirí táirgí A agus D.
- (47) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848. I gcomhréir le hAirteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/848, rachaidh an t-aitheantas do thríú tíortha chun críocha coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 in éag an 31 Nollaig 2026. I gcomhréir le hAirteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2018/848, rachaidh an t-aitheantas arna dheonú d’údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe faoi Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 in éag faoin 31 Nollaig 2024.
- (48) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Liosta de thríú tíortha aitheanta

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo an liosta de thríú tíortha a aithnítear chun críche coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

Airteagal 2

Liosta d’údaráis rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo an liosta d’údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a aithnítear chun críche coibhéise faoi Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA D'ÚDARÁIS RIALAITHE AITHEANTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1 AGUS NA SONRAÍOCHTAÍ ÁBHARHA

Nóta: De bhun Airteagal 17(1), pointe (f), de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, ainmhithe agus táirgí ainmhí arna dtáirgeadh le linn na tréimhse tionaithe, ní dhéanfar iad a mhargú san Aontas leis na tásca dá dtagraítear in Airteagail 23 agus 24 den Rialachán a úsáidtear le haghaidh lipéadú táirgí agus le haghaidh fógraíocht ar tháirgí. Dá bhrí sin, eisiatar táirgí den sórt sin freisin ó na haitheantais a mhéid a bhaineann le catagóirí táirgí B agus D i gcás na dtríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn seo.

AN AIRGINTÍN

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí	B	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia ⁽¹⁾	D	
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

⁽¹⁾ Ní chuimsíonn sé sin fíon ná giosta.

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A, B agus F a fásadh san Airgintín agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh san Airgintín ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach san Airgintín.

3. **Caighdeán táirgthe:** Ley 25 127 sobre 'Producción ecológica, biológica y orgánica'.

4. **Údarás inniúil:** Servicio Nacional de Sanidad y Calidad Agroalimentaria SENASA, www.senasa.gov.ar

5. Comhlachtaí rialaithe:

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
AR-BIO-001	Food Safety SA	www.foodsafety.com.ar
AR-BIO-002	Ecocert Argentina SA	https://www.ecocert.com/es-AR/home
AR-BIO-003	LETIS S.A.	www.letis.org
AR-BIO-004	Organización Internacional Agropecuaria (OIA)	www.oia.com.ar

6. **Comhlachtaí eisiithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

AN ASTRÁIL

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia ⁽¹⁾	D	Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

⁽¹⁾ Ní chuimsíonn sé sin fíon ná giosta.

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh san Astráil agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh san Astráil ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach san Astráil.

3. **Caighdeán táirgthe:** an caighdeán náisiúnta le haghaidh táirgí orgánacha agus bithdhinimiciúla.

4. **Údarás inniúil:** Department of Agriculture and Water Resources (<http://www.agriculture.gov.au>)

5. Comhlachtaí rialaithe:

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
AU-BIO-001	ACO Certification Ltd	www.aco.net.au
AU-BIO-003	Bio-dynamic Research Institute (BDRI)	www.demeter.org.au
AU-BIO-004	NASAA Certified Organic	www.nasaa.com.au
AU-BIO-005	Organic Food Chain Pty Ltd (OFC)	www.organicfoodchain.com.au
AU-BIO-006	AUS-QUAL Pty Ltd	www.ausqual.com.au
AU-BIO-007	Southern Cross Certified Australia Pty Ltd	https://www.sxcertified.com.au

6. **Comhlachtaí eisiithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

CEANADA

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí	B	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia	D	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bheatha	E	
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A, B agus F a fásadh i gCeanada agus táirgí de chatagóirí D agus E a próiseáladh i gCeanada ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach i gCeanada nó a allmhairíodh go Ceanada i gcomhréir le reachtaíocht Cheanada.

3. **Caighdeán táirgthe:** Organic Products Regulation [an Rialachán maidir le Táirgí Orgánacha].

4. **Údarás inniúil:** Canadian Food Inspection Agency (CFIA), www.inspection.gc.ca

5. Comhlachtaí rialaithe:

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
CA-ORG-002	British Columbia Association for Regenerative Agriculture (BCARA)	www.certifiedorganic.bc.ca
CA-ORG-003	CCOF Certification Services	www.ccof.org
CA-ORG-004	Centre for Systems Integration (CSI)	www.csi-ics.com
CA-ORG-005	Consorzio per il Controllo dei Prodotti Biologici Società a responsabilità limitata (CCPB SRL)	www.ccpb.it
CA-ORG-006	Ecocert Canada	www.ecocertcanada.com
CA-ORG-007	Fraser Valley Organic Producers Association (FVOPA)	www.fvopa.ca
CA-ORG-009	International Certification Services Incorporated (ICS)	www.ics-intl.com
CA-ORG-010	LETIS S.A.	www.letis.com.ar
CA-ORG-013	Organic Crop Improvement Association (OCIA)	www.ocia.org

CA-ORG-014	Organic Producers Association of Manitoba Cooperative Incorporated (OPAM)	www.opam-mb.com
CA-ORG-015	Pacific Agricultural Certification Society (PACS)	www.pacscertifiedorganic.ca
CA-ORG-016	Pro-Cert Organic Systems Ltd (Pro-Cert)	www.ocpro.ca
CA-ORG-017	Quality Assurance International Incorporated (QAI)	http://www.qai-inc.com
CA-ORG-018	Quality Certification Services (QCS)	www.qcsinfo.org
CA-ORG-019	Organisme de Certification Québec Vrai (OCQV)	http://www.quebecvrai.org/
CA-ORG-021	TransCanada Organic Certification Services (TCO Cert)	http://www.tcocert.ca/contacts/

6. **Comhlachtaí eisithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

CÓSTA RÍCE

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí nó táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia ⁽¹⁾	D	Táirgí neamhphróiseáilte planda, agus iad sin amháin
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

⁽¹⁾ Ní chuimsíonn sé sin fíon ná giosta.

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh i gCósta Ríce agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh i gCósta Ríce ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach i gCósta Ríce.

3. **Caighdeán táirgthe:** Reglamento sobre la agricultura orgánica.

4. **Údarás inniúil:** Servicio Fitosanitario del Estado, Ministerio de Agricultura y Ganadería, www.sfe.go.cr

5. **Comhlachtaí rialaithe:**

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
CR-BIO-002	Kiwa BCS Costa Rica Limitada	www.kiwa.lat
CR-BIO-003	Eco-LOGICA	www.eco-logica.com
CR-BIO-007	Primus Auditing Operations de Costa Rica S.A.	www.primusauditingops.com

6. **Comhlachtaí eisiithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.**IOSRAEL**1. **Catagóirí táirgí**

Catagóir táirgí nó táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia ⁽¹⁾	D	Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

⁽¹⁾ Ní chuimsíonn sé sin fíon ná giosta.

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh in Iosrael agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh in Iosrael ina bhfuil comhábhar a fásadh go horgánach in Iosrael nó a allmhairíodh go hIosrael:

— ón Aontas Eorpach,

— sin nó ó thrú tír faoi chuimsiú córas atá aitheanta mar chóras coibhéiseach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

3. **Caighdeán táirgthe:** Law for the Regulation of Organic Produce, 5765-2005, and its relevant Regulations.4. **Údarás inniúil:** Plant Protection and Inspection Services (PPIS), www.ppis.moag.gov.il5. **Comhlachtaí rialaithe:**

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
IL-ORG-001	Secal Israel Inspection and certification	www.skai.co.il
IL-ORG-002	Agrior Ltd-Organic Inspection & Certification	www.agrior.co.il

IL-ORG-003	IQC Institute of Quality & Control	www.iqc.co.il
IL-ORG-004	Plant Protection and Inspection Services (PPIS)	www.ppis.moag.gov.il

6. **Comhlachtaí eisithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

AN INDIA

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí nó táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A agus F a fásadh san India.

3. **Caighdeán táirgthe:** National Programme for Organic Production.

4. **Údarás inniúil:** Agricultural and Processed Food Products Export Development Authority APEDA, <http://www.apeda.gov.in/apedawebsite/index.asp>

5. Comhlachtaí rialaithe:

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
IN-ORG-001	Aditi Organic Certifications Pvt. Ltd	www.aditicert.net
IN-ORG-002	APOF Organic Certification Agency (AOCA)	www.aoca.in
IN-ORG-003	Bureau Veritas (India) Pvt. Limited	www.bureauveritas.co.in
IN-ORG-006	TQ Cert Services Private Limited	www.tqcert.in
IN-ORG-007	IMO Control Pvt. Ltd	www.imocontrol.in
IN-ORG-011	Natural Organic Certification Agro Pvt. Ltd	www.nocaagro.com
IN-ORG-013	SGS India Pvt. Ltd	www.sgsgroup.in
IN-ORG-014	Uttarakhand State Organic Certification Agency (USOCA)	www.usoca.org
IN-ORG-016	Rajasthan State Organic Certification Agency (RSOCA)	www.agriculture.rajasthan.gov.in/rssopca
IN-ORG-017	Chhattisgarh Certification Society, India (CGCERT)	www.cgcert.com

IN-ORG-018	Tamil Nadu Organic Certification Department (TNOCD)	www.tnocd.net
IN-ORG-021	Madhya Pradesh State Organic Certification Agency (MPSOCA)	www.mpsoca.org
IN-ORG-023	Faircert Certification Services Pvt Ltd	www.faircert.com
IN-ORG-024	Odisha State Organic Certification Agency (OSOCA)	www.ossopca.org
IN-ORG-025	Gujarat Organic Products Certification Agency (GOPCA)	www.gopca.in
IN-ORG-026	Uttar Pradesh State Organic Certification Agency	www.upsoca.org
IN-ORG-027	Karnataka State Organic Certification Agency	www.kssoca.org
IN-ORG-028	Sikkim State Organic Certification Agency (SSOCA)	www.ssoca.in
IN-ORG-029	Global Certification Society	www.glocert.org
IN-ORG-030	GreenCert Biosolutions Pvt. Ltd	www.greencertindia.in
IN-ORG-031	Telangana State Organic Certification Authority	www.tsoca.telangana.gov.in
IN-ORG-032	Bihar State Seed and Organic Certification Agency (BSSOCA)	www.bssca.co.in
IN-ORG-033	Reliable Organic Certification Organization	https://rococert.com
IN-ORG-034	Bhumaatha Organic Certification Bureau (BOCB)	http://www.agricertbocb.in

6. **Comhlachtaí eisiithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

AN tSEAPÁIN

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí nó táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in larscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia ⁽¹⁾	D	Iad comhdhéanta go bunúsach de chomhábhar amháin nó níos mó de thionscnamh planda

⁽¹⁾ Ní chuimsíonn sé sin fíon.

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí A a fásadh sa tSeapáin agus táirgí de chatagóir D a próiseáladh sa tSeapáin ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach sa tSeapáin nó a allmhairíodh chun na Seapáine:

— ón Aontas Eorpach,

— sin nó ó thríú tír ar aithin an tSeapáin ina leith go ndearnadh na táirgí a tháirgeadh agus a rialú inti i gcomhréir le rialacha atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i reachtaíocht na Seapáine.

3. **Caighdeáin táirgthe:** 17 Japanese Agricultural Standard for Organic Plants (Notification No 1605 of the MAFF of October 27, 2005), Japanese Agricultural Standard for Organic Processed Foods (Notification No 1606 of MAFF of October 27, 2005).
4. **Údaráis inniúla:** Food Manufacture Affairs Division, Food Industry Affairs Bureau, Ministry of Agriculture, Forestry and Fisheries, www.maff.go.jp/j/jas/index.html and Food and Agricultural Materials Inspection Center (FAMIC), www.famic.go.jp

5. **Comhlachtaí rialaithe:**

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
JP-BIO-001	Hyogo prefectural Organic Agriculture Society, HOAS	www.hyoyuken.org
JP-BIO-002	AFAS Certification Center Co., Ltd	www.afasseq.com
JP-BIO-003	NPO Kagoshima Organic Agriculture Association	www.koaa.or.jp
JP-BIO-004	Center of Japan Organic Farmers Group	www.yu-ki.or.jp
JP-BIO-005	Japan Organic & Natural Foods Association	http://jona-japan.org/english/
JP-BIO-006	Ecocert Japan Limited	www.ecocert.co.jp
JP-BIO-007	Bureau Veritas Japan Co., Ltd	http://certification.bureauveritas.jp/cer-business/jas/nintei_list.html
JP-BIO-008	OCIA Japan	www.ocia-jp.com
JP-BIO-009	Overseas Merchandise Inspection Co., Ltd	http://www.omicnet.com/omicnet/services-en/organic-certification-en.html
JP-BIO-010	Organic Farming Promotion Association	http://yusuikyo.web.fc2.com/
JP-BIO-011	ASAC Stands for Axis' System for Auditing and Certification and Association for Sustainable Agricultural Certification	www.axis-asac.net
JP-BIO-012	Environmentally Friendly Rice Network	www.epfnetwork.org/okome
JP-BIO-013	Ooita Prefecture Organic Agricultural Research Center	www.d-b.ne.jp/oitayuki
JP-BIO-014	AINOU	www.ainou.or.jp/ainohtm/disclosure/nintei-kouhyou.htm
JP-BIO-015	SGS Japan Incorporation	www.jp.sgs.com/ja/home_jp_v2.htm

JP-BIO-016	Ehime Organic Agricultural Association	http://eoaa.sakura.ne.jp/
JP-BIO-017	Center for Eco-design Certification Co. Ltd	http://www.eco-de.co.jp/list.html
JP-BIO-018	Organic Certification Association	http://yuukinin.org/index.html
JP-BIO-020	Hiroshima Environment and Health Association	https://www.kanhokyo.or.jp/
JP-BIO-021	ACCIS Inc.	https://www.accis.jp/
JP-BIO-022	Organic Certification Organization Co. Ltd	www.oco45.net
JP-BIO-023	Rice Research Organic Food Institute	https://rrofi.jp/
JP-BIO-024	Aya town miyazaki, Japan	http://www.town.aya.miyazaki.jp/ayatown/organicfarming/index.html
JP-BIO-025	Tokushima Organic Certified Association	http://www.tokukaigi.or.jp/yuuki/
JP-BIO-027	NPO Kumamoto Organic Agriculture Association	http://www.kumayuken.org/
JP-BIO-028	Hokkaido Organic Promoters Association	http://www.hosk.jp/CCP.html
JP-BIO-029	Association of organic agriculture certification Kochi corporation NPO	http://www8.ocn.ne.jp/~koaa/jisseki.html
JP-BIO-031	Wakayama Organic Certified Association	https://woca.jpn.org/w/
JP-BIO-032	Shimane Organic Agriculture Association	www.shimane-yuki.or.jp/index.html
JP-BIO-034	International Nature Farming Research Center	http://www.infrc.or.jp/
JP-BIO-035	Organic Certification Center	www.organic-cert.or.jp
JP-BIO-036	Japan Food Research Laboratories	http://www.jfrl.or.jp/jas.html
JP-BIO-037	Leafearth Company	http://www.leafearth.jp/
JP-BIO-038	Akatonbo	http://www.akatonbo.or.jp/
JP-BIO-039	Japan Grain Inspection Association	http://www.kokken.or.jp/
JP-BIO-040	Okayama Agriculture Development Institute	http://www.nokaiken.or.jp
JP-BIO-041	Japan Agricultural Standard Certification Alliance	http://jascert.or.jp/

6. **Comhlachtaí eisiúithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

POBLAHT NA CÓIRÉ

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí nó táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in Iarscríbhinn II	Teorainneacha
Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia	D	

2. **Tionscnamh:** táirgí de chatagóirí D a fásadh i bPoblacht na Cóiré ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach i bPoblacht na Cóiré nó a allmhairíodh go Poblacht na Cóiré:

— ón Aontas Eorpach,

— sin nó ó thríú tír ar aithin Poblacht na Cóiré ina leith go ndearnadh na táirgí a tháirgeadh agus a rialú inti i gcomhréir le rialacha atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i reachtaíocht Phoblacht na Cóiré.

3. **Caighdeán táirgthe:** Act on Promotion of Environmentally-friendly Agriculture and Fisheries and Management and Support for Organic Food.

4. **Údaráis inniúil:** Ministry of Agriculture, Food and Rural Affairs, www.enviagro.go.kr/portal/en/main.do

5. Comhlachtaí rialaithe:

Códuimhir	Ainm	Seoladh idirlín
KR-ORG-002	Doalnara Organic Certificated Korea	www.doalnara.or.kr
KR-ORG-004	Global Organic Agriculturalist Association	www.goaa.co.kr
KR-ORG-005	OCK	http://www.greenock.co.kr/
KR-ORG-006	KA FCC	http://eco.konkuk.ac.kr
KR-ORG-007	Korea Environment-Friendly Organic Certification Centre	www.a-cert.co.kr
KR-ORG-008	Konkuk Ecocert Certification Service	www.ecocert.co.kr
KR-ORG-009	Woorinong Certification	https://blog.naver.com/woorinongin/70107436715
KR-ORG-010	ACO (Australian Certified Organic)	www.aco.net.au
KR-ORG-011	Kiwa BCS Öko-Garantie GmbH	www.bcs-oeko.com
KR-ORG-012	BCS Korea	www.bcskorea.com
KR-ORG-013	Hansol Food, Agriculture, Fisher-Forest Certification Center	www.hansolnonglim.com
KR-ORG-014	The Centre for Environment Friendly Agricultural Products Certification	www.hgreent.or.kr
KR-ORG-015	ECO-Leaders Certification Co., Ltd	www.ecoleaders.kr

KR-ORG-017	Jeonnam bioindustry foundation	www.jbf.kr
KR-ORG-019	Neo environmentally-friendly Certification Center	https://neofcc.modoo.at/
KR-ORG-020	Green Environmentally-Friendly certification center	http://cafe.naver.com/greenorganic6279
KR-ORG-021	ISC Agriculture development research institute	www.isc-cert.com
KR-ORG-022	Greenstar Agrifood Certification Center	www.그린스타.com
KR-ORG-023	Control Union Korea	www.controlunion.co.kr
KR-ORG-024	Industry-Academic Cooperation Foundation, SCNU	http://siacf.scnu.ac.kr/web/siacf/home
KR-ORG-026	Agricultural Products Quality Service	http://apqs.kr
KR-ORG-027	University Industry Liaison office of CNU	http://sanhak.jnu.ac.kr/eng/
KR-ORG-029	Eco Agriculture Institute Inc	http://blog.daum.net/ifea2011
KR-ORG-030	Korea Crops Research Institute (co.ltd)	https://blog.naver.com/kor034
KR-ORG-031	Korea organic certification	http://blog.daum.net/koafc2019
KR-ORG-032	Jayeondeul agri-food certification institute	www.jaci.kr
KR-ORG-033	Institute of Organic food Evaluation	www.ioe42.com
KR-ORG-034	EverGreen Nongouhwi	http://blog.naver.com/evergreen8374
KR-ORG-035	ONNURI ORGANIC Co., Ltd.	https://blog.naver.com/onr77830
KR-ORG-036	Hankyoung Certification Center Co., Ltd.	https://blog.naver.com/hk61369
KR-ORG-037	Ctforum. Ltd	http://blog.daum.net/ctforum
KR-ORG-038	ORGANIC PROMOTION	http://blog.daum.net/op7373

6. **Comhlachtaí agus údaráis eisiithe deimhnithe:** mar atá i bpointe 5.

7. **Fad an chuimsithe:** 31 Nollaig 2026.

AN NUA-SHÉALAINN

1. Catagóirí táirgí

Catagóir táirgí nó táirgí	Ainmniú catagóire mar atá in larscribhinn II	Teorainneacha
Táirgí neamhphróiseáilte planda	A	
Ainmhithe beo nó táirgí neamhphróiseáilte ainmhí	B	

Táirgí próiseáilte talmhaíochta a bhfuiltear lena n-úsáid mar bhia ⁽¹⁾	D	
Ábhar iomadaíoch fásúil agus síolta le haghaidh saothrú	F	

⁽¹⁾ Ní chuimsíonn sé sin giosta.

2. **Thionscnamh:** táirgí de chatagóirí A, B agus F a fásadh sa Nua-Shéalainn agus táirgí de chatagóirí D a próiseáladh sa Nua-Shéalainn ina bhfuil comhábhair a fásadh go horgánach sa Nua-Shéalainn nó a allmhairíodh chun na Nua-Shéalainne:

- ón Aontas Eorpach,
- sin nó ó thrú tír faoi chuimsiú córas atá aitheanta mar chóras coibhéiseach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.
